C/2023/710

6.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11304 – TJC / WARBURG PINCUS / iNRCORE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/710)

1. An 25 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Charles R. Kaye,

— TJC LP ('TJC', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh cleamhnaithe Warburg Pincus agus TJC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar iNRCORE, LCC ('iNRCORE', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú aonair TJC faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach stoic.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é Warburg Pincus ag a bhfuil cuideachtaí punainne atá gníomhach i réimse earnálacha, cuir i gcás fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus tomhaltóirí, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é TJC ag a bhfuil cuideachtaí punainne atá gníomhach i réimse earnálacha, cuir i gcás tomhaltóirí agus cúram sláinte, lóistíocht agus slabhra soláthair, teicneolaíocht agus teileachumarsáid.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó iNRCORE: Tá iNRCORE gníomhach i ndearadh, monarú agus díol comhpháirteanna leictreonacha. Go sonrach, monaraíonn iNRCORE comhpháirteanna éighníomhacha agus leictrimheicniúla, cuir i gcás maighnéid, toilleoirí, friotóirí agus scagairí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11304 – TJC / WARBURG PINCUS / iNRCORE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË